

Tuiscint ar Thaispeántas

Paca Acmhainní don Ardteistiméireacht

nationalgallery.ie/schools



NATIONAL
GALLERY of
IRELAND



GAILEARAÍ
NÁISIÚNTA^{na}
hÉIREANN

Réamhrá

Cuireadh an paca acmhainní seo le chéile chun cúnamh a thabhairt do mhicléinn agus iad ar chuairt féinshreoraithe ar thaispeántas i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann. Tá roinnt gníomhaíochtaí anseo a mholtar do mhicléinn a chur i gcrích roimh, le linn agus i ndiaidh dóibh cuairt a thabhairt ar an nGailearaí. Is le cúnamh a thabhairt do mhicléinn le hullmhú don cheist faoin nGailearaí ar pháipéar scrúdaithe ealaíne na hArdteistiméireachta - Stair agus Léirthuisctint na hEalaíne - a cuireadh an paca seo ar fáil. Níor chóir é a úsáid in ionad cuairt a thabhairt ar an taispeántas.

Clár

Réamhrá	2
Roimh do chuairt	4
Lelinndochuairte	5
An Chéad Imrisean.....	6
An Crochadh	8
Léirmhíniú.....	10
DháShaotharainmnithe	13
ClárOideachais.....	14
Rochtain.....	15

Ceist Shamplach as Páipéar Léirthuisctint na hEalaíne - Ardteistiméireacht 2018

Is é an phríomhaidhm atá le dearadh gailearaí, músaeim nó ionad léirmhíniúcháin ná spás a chruthú d'idirghníomhú daoine le saothair ealaíne/déantúsáin. Pléigh an ráiteas seo i dtaca le gailearaí, nó músaem nó ionad léirmhíniúcháin ainmnithe ar thug tú cuairt air. Déan cur síos agus plé i do fhreagra ar dhá shaothar ainmnithe agus déan tagairt do na slite a ndeachaigh úsáid an spáis seo i gcion ar d'idirghníomhú leis na saothair seo. Tabhair breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc maidir le leagan amach taispeántas scoile de shaothar ealaíne na macléinn. Tabhair cúis leis na cinntí dearaidh a dhéanann tú. Léirigh do fhreagra.

Scéim Mharcála		Marcanna	Nótaí
A	Ainm Gailearaí, an Mhúsaeim nó ionad léirmhíniúcháin agus plé ar an ráiteas.	10	5 as an ainm 5 as an bplé
B	Déan cur síos agus plé ar dhá shaothar ainmnithe agus déan tagairt do na slite a ndeachaigh úsáid spáis i gcion ar d'idirghníomhú leis na saothair seo.	15	5 as na saothair ainmnithe (3/2) 5 as cur síos agus plé ar na saothair (3/2) 5 as an spás agus an tionchar a bhí aige ar idirghníomhú
C	Déan cur síos agus plé achomair ar do choincheapa féin maidir le taispeántas scoile de shaothar ealaíne na macléinn a dhearadh. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.	15	
D	Sceitsí.	10	
Iomlán		50	

Is fiú 150 marc an Páipéar Staire Agus Léirthuisceana Ealaíne i.e. 37.5% de na marcanna iomlána don Scrúdú Ealaíne.

Roimh do chuairt

Tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin an Ghailearaí. Céard is féidir leat a fhoghlaim faoin taispeántas nó an Gailearaí? An bhfuil sé éasca teacht ar an eolas? Conas atá sé curtha i láthair? An gcuireann sé fonn ort cuairt a thabhairt ar an taispeántas? An bhfuil dóthain/iomarca/easpa eolais ann?

Déan roinnt taighde faoin ealaíontóir nó na healaíontóirí atá sa taispeántas. Céard a mheasann tú a chlúdóidh an taispeántas? Go minic, bíonn ailt agus léirmheasanna scríofa faoi thaispeántais an Ghailearaí. An gceapann tú go mbeadh sé úsáideach iad seo a léamh roimh do chuairt? An gceapann tú go mbeadh tionchar ag léirmheas a léigh tú ar an tslí a mbreathnódh tú ar an taispeántas?

Smaoinigh ar theideal an taispeántais. I do thuairim, conas a théann an teideal seo i gcion ort maidir lena bhfuil tú ag súil leis sa taispeántas?

Le linn do chuairte

Tá leideanna agus gníomhaíochtaí le fáil san acmhainn seo chun cabhrú leat iniúchadh a dhéanamh ar an taispeántas sa Ghailearaí. Cuimhnigh orthu seo:

Breathnaigh agus taifead

Le linn do chuairte, bain úsáid as leabhar sceitseála nó leabhar nótaí chun an méid a fheiceann tú a thaifead. Ní cheadaítear fótagrafaíocht ag roinnt taispeántas agus mar sin tá sé tábhachtach go gcoinneofá taifead cruinn de do chuairt. Beidh ort sceitsí a dhéanamh i scrúdú na hArdteistiméireachta, mar sin déan a lán sceitsí anótáilte i dteannta do chuid nótaí.

Tabhair do thuairimí féin agus tabhair samplaí

Bíonn eispéireas difriúil ag gach cuairteoir ar leith a thagann chuig an taispeántas. Bíonn tionchar ag ár gcúlra, ár stair, ár dtuairimí agus ár dtuiscintí féin orainn nuair a bhíonn muid ag féachaint ar shaothar ealaíne. Bíonn tionchar ag aois, inscne, oideachas, náisiúntacht agus a lán tosca eile ar ár dtuiscint ar thaispeántas. Tá tuairim gach aon duine chomh bailí céanna. Ní bhíonn aon fhreagra ceart amháin i gceist anseo. Tá sé tábhachtach go dtabharfá do léirmhíniú féin ar an taispeántas nuair a bhíonn tú ag freagairt na Ceiste faoin nGailearaí. Tá sé chomh tábhachtach céanna go dtabharfá samplaí chun tacú le do chuid tuairimí agus d'argóint.

An Chéad Imrisean

Rachaidh roinnt tosca i gcion ar d'eispéireas agus d'fhéadfaidís seo tionchar comhfhiosach nó neamhchomhfhiosach a bheith acu ar an mbealach a dtéann tú i ngleic leis an taispeántas. Cruthaíonn an Gailearaí féin roinnt de na tosca seo d'aon ghnó chun timpeallacht chompordach a chruthú le breathnú ar na saothair ealaíne (m.sh. soilsiú, an tslí ina bhfuil na pictiúir crochta), ach bíonn tionchar freisin ag tosca eile a bhaineann leat féin amháin (m.sh. d'aoibh féin, eispéiris dhearfacha nó dhiúltacha a bhí agat sa Ghailearaí roimhe sin). Beidh tionchar ag an mbealach a bhfuil cuairteoirí eile ag idirghníomhú leis an spás ort freisin.

Sula dtéann tú isteach san fhoirgneamh, scríobh síos:

- \\ Tosca seachtracha: an t-am den lá; aimsir
- \\ Tosca inmheánacha: d'aoibh; leibhéal fuinnimh; an chaoi a mothaíonn do chorp?
- \\ An é seo do chéad chuairt ar an nGailearaí? An bhfuil aon réamhchlaontaí agat maidir leis an eispéireas a bhfuil tú ag tnúth leis?
- \\ Cén chuma atá ar an bhfoirgneamh?
- \\ Céard é do chéad imrisean?

Nuair a théann tú isteach san fhoirgneamh, scríobh síos:

- \\ Céard a chloiseann tú? cén boladh a fhaigheann tú? céard a fheiceann tú?
- \\ Cad iad na háiseanna atá ann? (deasc eolais, seomra cótaí, leithris) An bhfuil comharthaíocht ann, léarscáileanna, eolas faoi thaispeántais? Conas is féidir bogadh timpeall an fhoirgnimh? An bhfuil staighrí, ardaitheoirí, staighrí beo ann? an bhfuil áiteanna suí ann? Céard eile a thugann tú faoi deara?

Déan sceitse anótáilte den fhorhalla ag taispeáint na ngnéithe seo.

6.

- \\ Cé eile atá sa Ghailearaí? (m.sh.foireann, cuairteoirí eile, baill de do ghrúpa féin) Céard atá ar siúl acu? Conas atá siad ag idirghníomhú leis an bhfoirgneamh?
- \\ Conas a théann an Gailearaí i bhfeidhm ort?

Smaoinigh go criticiúil ar na tosca atá cruthaithe ag an nGailearaí féin. Cén fáth a bhfuil na tosca seo ann, dar leat? Conas a théann na tosca seo i gcion ar d'eispéireas? An mothaíonn tú difriúil anois seachas a mhothaigh tú sular tháinig tú isteach an doras? An mothaíonn tu go bhfuil tú ullamh agus réidh chun breathnú ar ealaín?

Gníomhaíocht bhreise

Tá dhá bhealach isteach sa Ghailearaí. Cén tslí a mbeadh do chéad imrisean difriúil, ag brath ar cén doras ar tháinig tú isteach?



Bealach Isteach
Chearnóg Mhuirfean

Bealach Isteach
Shráid an Chláraigh

Tá breis eolais faoi stair agus ailtireacht an Ghailearaí anseo:
<https://www.nationalgallery.ie/history>

7.

Crochadh

Ciallaíonn **crochadh** an tslí a mbíonn pictiúir socraithe ar bhalla an Ghailearaí. Tá sé seo ag tagairt don tslí ina mbíonn pictiúir ar taispeáint go fisiciúil agus an t-ord ina roghnaíonn an coimeádaí/léiritheoir iad a chur. Mar shampla, uaireanta bíonn taispeántas crochta go **croineolaíoch**, sé sin, nuair a bhíonn na pictiúir ar taispeáint in ord de réir an ama ar cruthaíodh iad, nó bíonn pictiúir crochta **de réir téama**, sé sin, nuair a bhíonn na pictiúir crochta le chéile i ngrúpaí le hábhar den chineál céanna. Uaireanta bíonn taispeántas crochta **go haeistéitiúil**, sé sin nuair a bhíonn pictiúir a thagann le chéile go maith crochta le chéile. Ní mór do choimeádaithe/léiritheoirí nithe praiticiúla a chur san áireamh – d'fhéadfadh roinnt pictiúr a bheith rómhór do bhallaí nó gailearaithe áirithe.

Breathnaigh agus taifead:

Smaoinigh ar na slite a dtéann gach uile ghné i gcion ort agus tú ag breathnú agus ag léirmhíniú na bpictiúr.

- \ Céard iad do **chéad imprisean** den taispeántas? Conas atá an t-atmaisféar? Cén teocht atá sa seomra? Céard a chloiseann tú? Cén boladh a fhaigheann tú? Céard a fheiceann tú?
- \ Cén cineál **ailtireachta** atá sa Ghailearaí? Céard iad na hábhair, uigeachtaí agus dathanna atá ar na ballaí, Síleálacha, Urláir? An bhfuil doirse idir na seomraí?
- \ **Crochadh** na bpictiúr. Cé chomh hard is atá siad crochta? An bhfuil siad gar dá chéile nó i bhfad óna chéile? An bhfuil siad crochta i ngrúpaí? An bhfuil do shúile meallta ag pictiúir áirithe? Conas atá na pictiúir feistithe/greamaithe den bhalla? Cén cineál frámaí atá orthu? An bhfuil gloine orthu?
- \ **An léirmhíniú**. An bhfuil painéal téacs leo? Comharthaíocht? Lipéid? Cá bhfuil an léirmhíniú? Cén mhéid é? Dath? Dearadh?
- \ **Soilsiú**. Ar soilsiú nádúrtha? nó Saorga é.
- \ **Daingneáin agus feistis**. An bhfuil aon troscán ann? Gairis shlándála? Lasca soilse, múchtóirí tine, srl? An gcuireann siad leis na pictiúir nó an gcuireann siad isteach orthu ar aon bhealach?
- \ Conas atá **cuairteoirí** ag bogadh timpeall an spáis? An bhfuil siad ag leanacht bealach socraithe ar leith? Conas atá siad ag idirghníomhú le chéile?

Sceitse:

Cruthaigh plean urláir agus déan sceitse de leagan amach an taispeántais. An bhfuil sé crochta go croineolaíoch nó de réir téama?

Léirmhíniú

Bíonn téacs taispeántais scríofa go sciliúil chun eolas casta a chur in iúl ar bhealach soiléir, sothuigthe, ag cloí le líon focal teoranta. Déanann coimeádaithe/léiritheoirí a lán taighde comhthéacsúil faoi shaothar nó ealaíontóir agus bíonn orthu achoimre a dhéanamh de seo i spás beag. Ní theastaíonn ó dhuine leabhar a léamh ar an mballa nuair a théann sé ar cuairt chuig taispeántas. Beidh ar an gcoimeádaí/léiritheoir a shocrú céard a fhágfaidh sé ar lár mar aon le céard a scríobhfaidh sé. Uaireanta bíonn an próiseas seo an-deacair, ach tá taithí mhaith ag coimeádaithe/léiritheoirí ar a bheith ag scríobh sa stíl áirithe seo. Déanann roinnt daoine eile profáil ar an téacs agus déantar cruinneas, soiléire agus stíl a sheiceáil. Sula ndéantar an téacs a phriontáil, déantar a lán eagarthóireachta agus dréachtadh air, sula bhfeiceann tusa an leagan deiridh de.

Bíonn sraitheanna éagsúla sa téacs taispeántais. D'fhéadfadh siad seo a leanas a bheith san áireamh:

- \\ Painéal réamhrá don taispeántas iomlán.
- \\ Painéil réamhrá i gcomhair gach seomra.
- \\ Teidil na seomraí agus blianta
- \\ Lipéid do gach saothar ealaíne
- \\ Tráchttaireacht (chlostreorach)

Ainm an Ealaíontóra
Áit, bliain bhreithe
Áit, bliain bháis
Teideal an tsaothair
An bhliain ar cruthaíodh an saothar
Bunábhair
Cur síos
Foinse (cé as ar tháinig an saothar ealaíne)
Uimhir shealbhaithe (uimhir ar leith a thugann an Gailearaí do gach earra ina bhailiúchán)
Lógó – Ní cheadaítear ina bhailiúchán fótagrafaíocht
Uimhir Chlostreorach

Jack B. Yeats
London 1871-1957 Dublin
The Liffey Swim
1923
Oil on canvas

In this painting, Yeats captures the atmosphere and thrill of an event that has been part of Dublin's annual sporting calendar since 1920. His depiction of the occasion also represents a return to the sporting themes that had inspired much of his early work. He invites his audience to engage with the event by placing them among the spectators, who lean forward to catch a glimpse of the swimmers as they surge towards the finish line. The painting marked Yeats's growing interest in Expressionism and his adoption of fluid brushwork and a charged palette.

Presented, Trustees of the Haverly Trust, 1931, NGL941

39

Breis gníomhaíochtaí

Roghnaigh ceann de na pictiúir sa taispeántas agus scríobh do lipéad féin. Smaoinigh ar na nithe seo:

- \\ Céard í an mhír eolais is tábhachtaí a theastaíonn uait a roinnt leis an gcuairteoir? Cuir é sin ar dtús.
- \\ Bain úsáid as teanga ghníomhach seachas teanga éighníomhach.
- \\ Cuir rud éigin eile san áireamh seachas díreach cur síos a dhéanamh ar an bpictiúr – cuir rud éigin san áireamh nach bhfeicfeadh an breathnóir féin.
- \\ Bain úsáid as teanga a thuigfeadh leanbh 10 mbliana d’aois – bíodh sé soiléir, intuigthe agus spéisiúil.
- \\ Spreag an cuairteoir chun féachaint níos géarchúisí ar an bpictiúr – b’fhéidir gur mhaith leat ceist a chur.
- \\ Smaoinigh – Ní mór duit cloí leis an líon focal – uasmhéid de 80 focal don chur síos.

Dhá shaothar ainmnithe

I scrúdú na hArdteistiméireachta, iarrfar ort dhá shaothar ainmnithe a phlé go mion agus sceitsí a úsáid chun do fhreagra a mhíniú. Bain úsáid as an am a mbíonn tú sa spás taispeána chun nótaí mionsonraithe agus sceitsí de dhá shaothar a dhéanamh. B’fhéidir go mbeadh roinnt de na saothair faoi shrianta cóipchirt agus nach mbeadh ar do chumas íomhána de na saothair a fháil ar an idirlíon tar éis do chuairte. Mar sin, tá sé tábhachtach an méid sonraí agus is féidir a bhreacadh síos.

Nóta:

- \\ Teideal an tsaothair
- \\ Dáta
- \\ Bunábhair
- \\ Eolas atá ar an lipéad

Sceitse agus anótáil:

- \\ Conas atá an pictiúr crochta (an bhfuil sé ard, íseal, gar/i bhfad ó shaothair eile, déan nóta de shaothair eile in aice láimhe).
- \\ Soilsiú
- \\ Dath an bhalla
- \\ Fráma
- \\ Léirmhíniú (áit a bhfuil sé suite, céard a deir sé, conas a théann sé i gcion ort agus tú ag breathnú ar an saothar?)
- \\ Gnéithe foirmeálta an phictiúir (cruthanna, dathanna, uigeachtaí, srl.)

Clár Oideachais

Cuireann an Fhoireann Oideachais cainteanna, turais, ceardlanna agus imeachtaí oiriúnacha ar fáil do lucht féachana éagsúla, ar nós, múinteoirí agus scoileanna, luathbhlianta, teaghlaigh, daoine óga, daoine fásta, foghlaim ar feadh an tsaoil agus grúpaí pobail. Nascann an clár leis an mBailúchán Náisiúnta, le taispeántais speisialta chomh maith le féilte agus clár náisiúnta agus áitiúla.

Féach ar shuíomh gréasáin an Ghailearaí agus aimsigh trí imeacht oideachasúil do lucht féachana difriúla a nascann le do thaispeántas.

Nóta:

- \ Teideal an imeachta
- \ Lucht féachana
- \ An t-am sa lá
- \ Láthair

Conas a chuireann imeachtaí oideachasúla le tuisint níos fearr a fháil ar thaispeántas?

Gníomhaíocht bhreise

Leag amach imeacht do dhaoine óga a bheadh ag gabháil leis an taispeántas. smaoinigh orthu seo:

- \ Cé hiad an sprioclucht féachana? Céard a thaitneoidh leo?
- \ Cén t-am ar chóir an t-imeacht a chur ar siúl? Cén fhad a thógfaidh sé?
- \ Cá mbeidh an t-imeacht ar siúl?
- \ Céard a bheidh ann? Ar caint, taibhiú, ceardlann, nó ar rud éigin eile a bheidh ann?
- \ Cén chúis atá leis an imeacht/ Céard a fhoghlaimoidh na rannpháirtithe?
- \ Conas a chuireann an t-imeacht le tuisint níos fearr a fháil ar an taispeántas?
- \ An bhfuil aon ábhar ag teastáil?
- \ Céard iad na céimeanna praiticiúla eile nach mór a ghlacadh i gcomhair an imeachta?

Rochtain

Tá Gailearaí Náisiúnta na hÉireann tiomanta taithí ionchuimsitheach a chur ar fáil do gach uile chuairteoir. Is féidir na sonraí iomlána a fháil ar: <https://www.nationalgallery.ie/visit-us/accessibility-visitors-disabilities>

Féach ar shuíomh gréasáin an Ghailearaí agus aimsigh ceithre rud a chuireann an Gailearaí ar fáil chun rochtain a dhéanamh níos éasca. Roghnaigh dhá rud a chuidíonn le daoine faoi mhíchumas fisiciúil, agus dhá rud a chuidíonn le daoine faoi mhíchumas intleachtúil/forbarthach.

- \ Cén sórt eispéiris a bheadh ag duine faoi mhíchumas ag an taispeántas, dar leat?
- \ An bhfuil aon rud eile a d'fhéadfadh/ar chóir don Ghailearaí a chur ar fáil?